CINNEADH (AE) 2022/1348 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Iúil 2022

lena gceaptar beirt chomhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Gearmáine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus a bhfuil acu sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Helma KUHN-THEIS agus Isolde RIES a cheapadh.

(4) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Roland THEIS agus Reiner ZIMMER a cheapadh.

(5) Mhol Rialtas na Gearmáine na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Helma KUHN-THEIS, *Mitglied des Gemeinderates von Weiskirchen* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Weiskirchen), agus Isolde RIES, *Bürgermeisterin des Saarbrücker Bezirks West* (Méara Cheantar Saarbrücken Thiar).

(6) Mhol Rialtas na Gearmáine na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Damhat SISAMCI, *Mitglied des Landtages des Saarlandes* (Feisire de Pharlaimint Réigiúnach Saarland), agus Roland THEIS, *Mitglied des Landtages des Saarlandes* (Feisire de Pharlaimint Réigiúnach Saarland),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

— Helma KUHN-THEIS, *Mitglied des Gemeinderates von Weiskirchen* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Weiskirchen) (athrú sainordaithe),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

— Isolde RIES, *Bürgermeisterin des Saarbrücker Bezirks West* (Méara Cheantar Saarbrücken Thiar) (athrú sainordaithe), agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Damhat SISAMCI, *Mitglied des Landtages des Saarlandes* (Feisire de Pharlaimint Réigiúnach Saarland),

— Roland THEIS, *Mitglied des Landtages des Saarlandes* (Feisire de Pharlaimint Réigiúnach Saarland) (athrú sainordaithe).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA